# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 241 A

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

**Imleabhar 65**

**24 Meitheamh 2022**

Clár

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

**Parlaimint na hEorpa**

2022/C 241 A/01 Comórtas PE/AD/272/2022/TRAD — Gairmí Teanga agus Idirchultúrtha (AD 5) . . . . . . . . . . . . . 1

GA

V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

# PARLAIMINT NA hEORPA

## COMÓRTAS PE/AD/272/2022/TRAD

**Gairmí Teanga agus Idirchultúrtha (AD 5)**

(2022/C 241 A/01)

***Sula ndéanfaidh tú iarratas a thíolacadh, ní mór duit an Treoir d'iarrthóirí atá ag gabháil leis an bhfógra comórtais seo a léamh go cúramach. Tugann an Treoir sin, ar cuid dhílis den fhógra comórtais í, soiléiriú ar na rialacha a rialaíonn an nós imeachta roghnúcháin agus conas iarratas a dhéanamh.***

**CLÁR NA nÁBHAR**


| | |
|---|---|
| A. | CÚRAIMÍ AGUS INCHÁILITHEACHT |
| B. | AN NÓS IMEACHTA DON CHOMÓRTAS |
| C. | IARRATAIS A CHUR ISTEACH |
| IARSCRÍBHINNÍ: | TREOIR D'IARRTHÓIRÍ I gCOMÓRTAIS A EAGRAÍONN PARLAIMINT NA hEORPA |
| | SCAGAIRE TALLAINNE |


### A. **CÚRAIMÍ AGUS INCHÁILITHEACHT**

#### 1. **Faisnéis ghinearálta**

Tá cinneadh déanta ag Parlaimint na hEorpa, ar bhonn Airteagal 29(1) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, tús a chur le comórtas (AD 5) chun oifigigh a earcú in Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin (AS TRAD).

Is í an phróifíl atá á lorg ná gairmí teanga agus idirchultúrtha do na teangacha seo a leanas:

1. An Bhulgáiris (12 iarrthóir rathúla)
2. An Fhraincis (12 iarrthóir rathúla)
3. An Mháltais (12 iarrthóir rathúla)
4. An tSlóvaicis (12 iarrthóir rathúla)
5. An tSualainnis (12 iarrthóir rathúla)

Cuimsíonn an fógra comórtais seo, dá bhrí sin, cúig theanga. **Ní cheadaítear duit clárú ach do theanga amháin.** Ní mór duit rogha a dhéanamh agus tú ag clárú ar líne. Ní bheidh ar do chumas a thuilleadh an rogha sin a athrú tar éis duit do chomhad iarratais ar líne a bhailíochtú.

Déanfar an earcaíocht sin ar ghrád AD 5, an chéad chéim, ag a bhfuil buntuarastal EUR 5 130,98 in aghaidh na míosa. Tá an tuarastal sin faoi réir cáin Chomhphobail agus asbhaintí eile dá bhforáiltear le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh. Tá sé díolmhaithe ó gach cáin náisiúnta. Féadfar an chéim ar a gceapfar na hiarrthóirí a n-éireoidh leo a oiriúnú, áfach, i gcomhréir lena dtaithí ghairmiúil. Ina theannta sin, íocfar liúntais sa bhreis ar an mbuntuarastal faoi choinníollacha áirithe.

Is fostóir comhionannais deiseanna í Parlaimint na hEorpa agus glacann sí le hiarratais gan idirdhealú a dhéanamh ar fhorais ar bith amhail inscne, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, tréithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó aon tuairim eile, a bheith ar dhuine de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, gnéaschlaonadh, stádas pósta nó stádas teaghlaigh.

2. **Cúraimí an phoist**

Soláthraíonn **Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin (AS TRAD)** seirbhísí aistriúcháin do Pharlaimint na hEorpa chun cumarsáid a dhéanamh i ngach formáid, idir pháipéar agus leictreonach, i ngach teanga oifigiúil den Aontas Eorpach.

Is iad seo a leanas **misin** AS TRAD:

— **na doiciméid go léir** a bhaineann le ról Pharlaimint na hEorpa mar chomhreachtóir agus ceann de dhá bhrainse an údaráis bhuiséadaigh a chur ar fáil **i ngach teanga oifigiúil nó oibre**, chun **dlisteanacht** agus **trédhearcacht phróiseas reachtach agus buiséadach** an Aontais Eorpaigh a ráthú,

— a chur ar chumas Pharlaimint na hEorpa na **gealltanais do bheartas an ilteangachais** a chomhlíonadh, ar beartas é a ceapadh chun a ráthú go gcaitear go cothrom le gach teanga agus a chuireann ar chumas shaoránaigh uile an Aontais Eorpaigh cumarsáid a dhéanamh leis na hinstitiúidí agus doiciméid na n-institiúidí sin a fháil ina dteanga féin,

— **téacsanna** a dhéanamh **níos simplí agus níos inléite** a bhuíochas don **teanga shoiléir** agus ar an gcaoi sin Parlaimint na hEorpa a dhéanamh níos tarraingtí agus **inrochtana do na saoránaigh**, lena n-áirítear trí **fhormáidí nua** a úsáid, a fhreagraíonn do thodhchaí na léitheoireachta,

— a áirithiú go ndéantar na seirbhísí sin go léir a sholáthar ar an **gcaoi is éifeachtúla** agus is féidir.

Is éard is **aidhm** do AS TRAD droichid a thógáil idir teangacha agus cultúir éagsúla agus **ilteangachas** inbhuanaithe, ar cuid riachtanach den idéal daonlathach Eorpach é, a chur chun cinn.

**Agus iad lonnaithe i Lucsamburg**, éascaíonn na gairmithe teanga agus idirchultúrtha cumarsáid, **ina máthairtheanga**, idir Parlaimint na hEorpa agus an pobal i gcoitinne. Ba cheart dóibh teanga shoiléir a úsáid i ngach gné dá gcuid oibre, agus comhthéacs cultúrtha na tíre nó na dtíortha lena mbaineann á chur san áireamh. Déanann siad ábhar a aistriú agus a logánú le haghaidh lucht léitheoireachta, éisteachta agus féachana, déanann siad athbhreithniú ar obair a gcomhghleacaithe, agus soláthraíonn siad cúnamh dréachtaithe agus seirbhísí eagarthóireachta d'údair téacsanna neamhreachtacha. Bíonn orthu freisin ábhar a oiriúnú ina máthairtheanga. Tá spiorad maith foirne agus scileanna láidre idirphearsanta riachtanach toisc go n-oibríonn na gairmithe teanga agus idirchultúrtha i ndlúthchomhar le comhghleacaithe ó aonaid eile de AS TRAD agus go mbíonn siad, ó am go chéile, i dteagmháil leis na seirbhísí iarrthacha.

Is iad seo a leanas cúraimí an ghairmí teanga agus idirchultúrtha:

— an chumarsáid a éascú leis na saoránaigh trí theanga shoiléir a scríobh **ina máthairtheanga**,

— gach cineál ábhair a aistriú, a oiriúnú, a thras-scríobh agus a athbhreithniú **ina máthairtheanga**,

— oibriú ó dhá theanga oifigiúla eile ar a laghad de chuid an Aontais trí idirghabháil teanga agus idirchultúrtha (mar shampla, fotheidealú, oiriúnú a dhéanamh ar ábhar closamhairc, ar phodchraoltaí nó ar shuíomhanna gréasáin),

— cúnamh a sholáthar chun doiciméid neamhreachtacha a dhréachtú,

— rannchuidiú leis na gníomhaíochtaí oiliúna, leis an obair théarmaíochta agus le forbairt uirlisí TF agus cumarsáide,

— teagmhálacha rialta a chothabháil leis na seirbhísí iarrthacha,

— rannchuidiú leis na próisis dearbhaithe agus rialaithe cáilíochta agus deimhin a dhéanamh de go leantar na dea-chleachtais chun cáilíocht an ábhair a sholáthraíonn AS TRAD a bharrfheabhsú.

De ghnáth bíonn na hábhair lena mbaineann, ar minic casta iad, ag plé le cúrsaí polaitiúla, dlíthiúla, eacnamaíocha, airgeadais, eolaíochta nó teicniúla a chuimsíonn gach réimse gníomhaíochta san Aontas Eorpach.

Éileoidh cur i gcrích na gcúraimí sin dianúsáid a bhaint as uirlisí sonracha TF agus as uirlisí gaolmhara. Beidh idirghabháil teanga agus idirchultúrtha i gceist leis an obair sin freisin trí ábhar closamhairc a aistriú agus fotheidealú.

Éilíonn feidhm gairmí teanga agus idirchultúrtha tuiscint ghéar ar oiriúnú, an cumas fadhbanna ar minic éagsúil agus casta iad a thuiscint, freagairt go gasta d'imthosca athraitheacha agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh. Ní mór do na hiarrthóirí a bheith in ann oibriú go dian ar bhonn rialta, go neamhspleách agus mar chuid d'fhoireann, i dtimpeallacht oibre ilchultúrtha. San am céanna, beidh siad tiomanta don oiliúint ghairmiúil a dhéanamh i gcaitheamh a ngairmréime.

3. **Incháilitheacht**

Faoin dáta deiridh atá socraithe do na hiarratais a chur isteach, ní mór na coinníollacha ginearálta agus sonracha seo a leanas a bheith comhlíonta:

(a) ***Coinníollacha ginearálta***

I gcomhréir le hAirteagal 28 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, ní mór duit:

— a bheith i do náisiúnach de cheann amháin de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh,

— do lánchearta mar shaoránach a bheith á dteachtadh agat,

— do dhualgais a bheith comhlíonta agat i ndáil leis na hoibleagáidí seirbhíse míleata is infheidhme de réir dlí,

— na teistiméireachtaí carachtair a bheith agat is iomchuí do na cúraimí atá i gceist a chomhlíonadh.

(b) ***Coinníollacha sonracha***

(i) *Na cáilíochtaí is gá*

Ní mór duit leibhéal oideachais a bheith agat is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile agus céim bainte amach ag a dheireadh, ar céim í a aithnítear go hoifigiúil i gceann amháin de Bhallstáit an Aontais, nuair is 3 bliana ar a laghad an ghnáth-thréimhse do chúrsa léinn san ollscoil.

Maidir leis na céimeanna, cibé an i mBallstát nó i dtír nach bhfuil san Aontas a bhronntar iad, ní mór iad a bheith aitheanta ag comhlacht oifigiúil Ballstáit den Aontas Eorpach, amhail Aireacht Oideachais Ballstáit den Aontas Eorpach. Tabharfaidh an bord roghnúcháin aird ar na córais dhifriúla oideachais.

Féadfaidh tú tagairt a dhéanamh go háirithe d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir d'iarrthóirí i gcomórtais a eagraíonn Parlaimint na hEorpa.

(ii) *Eolas ar theangacha*

Ní mór duit ***máistreacht a bheith agat ar thrí theanga oifigiúla ar a laghad den Aontas Eorpach***. San fhógra comórtais seo, déanaimid tagairt do theangacha mar a leanas:

— teanga 1: an phríomhtheanga a roghnaítear ó chúig theanga an chomórtais seo (an Bhulgáiris, an Fhraincis, an Mháltais, an tSlóvaicis nó an tSualainnis), **leibhéal foirfe sa mháthairtheanga**,

— teanga 2: Béarla nó Fraincis, eolas sármhaith (íosleibhéal C1). Más í an Fhraincis do theanga 1, ní mór gurb é an Béarla do theanga 2,

— teanga 3: ceann amháin de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh, eolas sármhaith (íosleibhéal C1). Ní mór do theanga 3 a bheith éagsúil le teangacha 1 agus 2.

Sainíodh na teangacha a roghnaíodh chun críocha an chomórtais seo i gcomhréir le leasanna na seirbhíse. Go deimhin, éilítear cáilíochtaí speisialta le post an ghairmí teanga agus idirchultúrtha mar gheall ar chineál na ndualgas, mar a leagtar síos i Roinn A.2 den fhógra comórtais seo.

Dá bhrí sin, chun a gcuid cúraimí a ghlacadh orthu féin agus dea-fheidhmiú sheirbhís AS TRAD a áirithiú, caithfidh na daoine a earcófar a bheith in ann oibriú agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh i dtrí theanga.

Go sonrach, is iad an Béarla agus an Fhraincis an dá theanga is minice a úsáidtear sa chumarsáid inmheánach in AS TRAD, mar aon le hArd-Stiúrthóireachtaí eile agus comhlachtaí polaitiúla Pharlaimint na hEorpa. Dá bhrí sin, chun a gcuid cúraimí a fheidhmiú agus dea-fheidhmiú na seirbhíse a áirithiú, caithfidh na daoine a earcófar a bheith in ann oibriú agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh i dteanga amháin ar a laghad den dá theanga sin.

Thairis sin, is iad an Béarla agus an Fhraincis teangacha foinseacha fhormhór na ndoiciméad a aistrítear: i gcás thart ar 80 % de na doiciméid a aistrítear is é an Béarla an teanga fhoinseach, i gcás 10 % díobh is í an Fhraincis, agus i gcás 10 % díobh na teangacha eile go léir.

(iii) *An taithí ghairmiúil is gá*

Ní éilítear aon taithí ghairmiúil. Mar sin féin, is buntáiste aon taithí ghairmiúil atá faighte agat **go heisiach i dteanga 1**, sa réimse a chumhdaítear sa chomórtas seo (féach liosta na gcúraimí le haghaidh gairmí teanga agus idirchultúrtha a ndéantar cur síos orthu faoi "Cúraimí an phoist").

## B. **AN NÓS IMEACHTA DON CHOMÓRTAS**

Tá **dhá chéim** sa chomórtas:

1. Céim an réamhroghnúcháin;

   (a) triail ceisteanna ilrogha;

   (b) scagaire tallainne.

2. Céim na dtrialacha

### 1. **Céim an réamhroghnúcháin**

(a) ***Tástáil ceisteanna ilrogha (MCQ)***

Iarrfar ort tástáil réamhroghnúcháin a dhéanamh (MCQ) má tá do chomhad iarratas déanta agat:

— de réir na modhanna a éilítear i bpointe C, agus

— laistigh den teorainn ama a luaitear i bpointe C.

Is i dteanga 2 (Béarla nó Fraincis) a bheidh an tástáil MCQ. Más í an Fhraincis do theanga 1, is i mBéarla a bheidh an tástáil.

Uaslíon de 40 ceist a bheidh sa tástáil MCQ chun measúnú a dhéanamh ar do chumas faisnéis maidir le luachanna an Aontais Eorpaigh agus ról Pharlaimint na hEorpa a shainaithint. Gheobhaidh tú ceisteanna samplacha MCQ in am agus i dtráth roimh dháta na tástála.

Ní mhairfidh an tástáil sin níos faide ná 80 nóiméad agus is ar líne a eagrófar í, ar ríomhaire.

(b) ***Scagaire tallainne***

Ní mór duit an scagaire tallainne atá ag gabháil leis an bhfógra comórtais a líonadh isteach agus é a chur isteach le do chomhad iarratais ar líne. Ní mór don scagaire tallainne a bheith san áireamh le do chomhad iarratais tráth nach déanaí ná an dáta agus an t-am deiridh le haghaidh iarratas a dhéanamh (pointe C).

Má tá tú i measc na n-iarrthóirí is fearr ar éirigh leo sa tástáil MCQ (chun na críche sin, déanfaidh an bord roghnúcháin an 150 iarrthóir de réir gach teanga den chomórtas is airde a fuair marcanna sa tástáil a chur san áireamh; más gá, roghnóidh an bord roghnúcháin na hiarrthóirí uile *ex aequo* don áit dheireanach gan teorainn a chur ar a líon, déanfaidh an bord roghnúcháin do chuid freagraí ar an scagaire tallainne a mheas agus glacfaidh sé leis an 60 iarrthóir de réir gach teanga den chomórtas is fearr ar éirigh leo chun freastal ar na trialacha scríofa. Féadfaidh an bord roghnúcháin ualú a chur i bhfeidhm maidir leis na critéir mheastóireachta éagsúla. Déanfar na marcanna a fuarthas i gcás na gcritéar uile a shuimiú chun na hiarrthóirí is fearr a bhfuil a bpróifíl ag teacht le cúraimí an phoist a shainaithint.

Bunóidh an bord roghnúcháin a mheasúnú **go heisiach** ar na freagraí a thugtar sa scagaire tallainne chun an 60 iarrthóir de réir gach teanga den chomórtas is fearr ar éirigh leo a ghlacadh isteach sna trialacha scríofa. Ag deireadh an mheasúnaithe sin, déanfaidh an bord roghnúcháin a fhíorú go gcomhlíonann na hiarrthóirí na coinníollacha sonracha iontrála (pointe A.3) agus go bhfuil freagraí na n-iarrthóirí ag teacht leis an méid atá sna doiciméid tacaíochta atá ar fáil ina gcomhad iarratais.

Más rud é nach mó an líon iarrthóirí de réir gach teanga atá cláraithe sa chomórtas ná an t-uaslíon iarrthóirí a dtabharfar cuireadh dóibh freastal ar na trialacha scríofa, féadfaidh an bord roghnúcháin, maidir leis an teanga i dtrácht, a chinneadh gan dul ar aghaidh chuig an gcéim réamhroghnúcháin agus cuireadh a thabhairt go díreach do na hiarrthóirí uile a chomhlíonann na coinníollacha ginearálta agus sonracha iontrála, freastal ar na trialacha scríofa (pointe A.3).

### 2. **Trialacha**

*Trialacha aistriúcháin agus dréachtaithe i dteanga shoiléir*

(a) Aistriúchán ar théacs a bhaineann le gníomhaíochtaí reachtacha Pharlaimint na hEorpa ó theanga 2 go teanga 1.

Uasfhad ama na trialach: 90 nóiméad, le haghaidh téacs ina bhfuil thart ar 450 go 500 focal

Marcanna: 0 go 40 pointe — pasmharc: 20/40

Ní cheartófar trialacha (b) agus (c) na n-iarrthóirí nach mbainfidh an pasmharc amach sa triail seo.

(b) Aistriúchán ar óráid nó ar theachtaireacht atá beartaithe do na saoránaigh ó theanga 3 go teanga 1.

Uasfhad ama na trialach: 90 nóiméad, le haghaidh téacs ina bhfuil thart ar 450 go 500 focal

Marcanna: 0 go 40 pointe — pasmharc: 20/40

Ní cheartófar trialacha (c) na n-iarrthóirí nach mbainfidh an pasmharc amach sa triail seo.

(c) Triail dréachtaithe: dréachtú i dteanga shoiléir ar théacs atá beartaithe do na saoránaigh i dteanga 1, bunaithe ar dhoiciméad casta i dteanga 2. Is éard is aidhm don triail seo measúnú a dhéanamh ar do chuid eolais ar theanga 2, agus ar do chumas na smaointe lárnacha a shainaithint agus iad a chur in iúl i dteanga shoiléir i dteanga 1.

Uasfhad ama na trialach: 60 nóiméad

Marcanna: 0 go 40 pointe — pasmharc: 20/40

Is ar líne agus ar ríomhaire a eagrófar na trialacha sin.

Iarrfar ar na **24 iarrthóir, i gcás gach teanga den chomórtas,** ag a mbeidh na marcanna is airde sna trialacha scríofa freastal ar na trialacha cainte, ar choinníoll go mbeidh an pasmharc bainte amach acu i ngach triail. Más gá, roghnóidh an bord roghnúcháin na hiarrthóirí uile *ex aequo* don áit dheireanach i gcás gach teanga.

*Trialacha cainte*

(d) Agallamh leis an mbord roghnúcháin i dteangacha 1 agus 2, lena bhféadfaidh an coiste sin, i bhfianaise na n-eilimintí go léir atá i do chomhad iarratais, d'oiriúnacht chun na dualgais a thuairiscítear faoi "Cúraimí an phoist" a chomhlíonadh in institiúid Eorpach. Féadfaidh an bord roghnúcháin a chinneadh tástáil a dhéanamh ar d'eolas ar theangacha oifigiúla eile a bheidh sonraithe i do chomhad iarratais agat.

Uasfhad ama na trialach: 45 nóiméad

Marcanna: 0 go 40 pointe — pasmharc: 20/40

Ní cheartófar trialacha (e) na n-iarrthóirí nach mbainfidh an pasmharc amach sa triail (d) seo.

(e) Triail díospóireachta grúpa **nó** rólimirt i dteanga 2 ionas go mbeidh an bord roghnúcháin in ann measúnú a dhéanamh ar d'inoiriúnaitheacht, ar do chumas caibidlíochta, ar do chumas cinnteoireachta agus ar d'fheidhmíocht laistigh de ghrúpa.

Saineoidh an bord roghnúcháin fad na trialach díospóireachta grúpa de réir chomhdhéanamh críochnaitheach na ngrúpaí.

Is é 25 nóiméad uasfhad thriail na rólimeartha.

Marcanna: 0 go 20 pointe — pasmharc: 10/20

D'fhéadfaí na trialacha sin a eagrú go cianda.

Gheobhaidh tú treoracha na dtrialacha scríofa agus cainte in am trátha. Tá na trialacha beartaithe le haghaidh dáta agus am ar leith. Mura bhfreagraíonn tú cuireadh, mura féidir teagmháil a dhéanamh leat trí ríomhphost, nó mura bhfreastalaíonn tú ar thriail, d'fhéadfaí thú a dhícháiliú. Beidh ort cloí go huile agus go hiomlán leis na treoracha a thugtar. Má sháraíonn tú na treoracha nó mura gcloíonn d'iompraíocht leis na treoracha, dícháileofar láithreach thú.

## 3. Liosta d'iarrthóirí oiriúnacha

Bunóidh an bord roghnúcháin, i gcás gach teanga den chomórtas, liosta d'iarrthóirí oiriúnacha a bhfuil na marcanna foriomlána is fearr bainte amach acu ag deireadh na dtrialacha, mar atá luaite i bpointe A.1 "Faisnéis ghinearálta". Is éard a bheidh sna marcanna foriomlána seo líon iomlán na marcanna a fuarthas sna trialacha scríofa agus sna trialacha cainte ina n-iomláine, ar choinníoll gur éirigh leis na hiarrthóirí an pasmharc a bhaint amach i ngach ceann de na trialacha sin. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí ar an liosta na hiarrthóirí uile *ex aequo* don áit dheireanach i gcás gach teanga. Liostófar ainmneacha na n-iarrthóirí rathúla de réir ord aibítre.

Rachaidh bailíocht an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha in éag an 31 Nollaig 2025. Féadfar síneadh a chur le bailíocht an liosta sin trí chinneadh ón údarás ceapacháin. Sa chás sin, cuirfear na hiarrthóirí rathúla atá ar an liosta ar an eolas in am trátha.

Cuirfear na hiarrthóirí rathúla go leithleach ar an eolas faoina dtorthaí, agus foilseofar liosta na n-iarrthóirí oiriúnacha ar shuíomh gréasáin oifigiúil Pharlaimint na hEorpa.

Má thairgtear post duit, beidh ort na doiciméid bhunaidh go léir a chur isteach i gcomhair fíordheimhniú, go háirithe do dhioplómaí agus do dheimhniúcháin fostaithe.

Ní ceart ná ráthaíocht earcaíochta é a bheith ar liosta d'iarrthóirí oiriúnacha.

## C. **IARRATAIS A CHUR ISTEACH**

### Conas iarratas a dhéanamh

Ní mór duit iarratas a dhéanamh tríd an ardán Apply4EP. https://apply4ep.gestmax.eu/search/index/lang/ga_GA

Ba cheart duit an Treoir d'iarrthóirí i gcomórtais a eagraíonn Parlaimint na hEorpa a léamh go cúramach **sula** ndéanfaidh tú do chomhad iarratais a chomhlánú agus na doiciméid tacaíochta ábhartha a sholáthar.

### Dáta deiridh le haghaidh iarratas

Is é an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach ná an

***25 Iúil 2022 ar 17.00, am Lucsamburg***

Cuirfear admháil chugat go huathoibríoch a luaithe a bheidh do chomhad iarratais bailíochtaithe.

Iarrtar ar iarrthóirí GAN GLAOCH GUTHÁIN a chur ar sheirbhísí Pharlaimint na hEorpa faoin gcomórtas seo.

## Treoir d'iarrthóirí i gcomórtais a eagraíonn Parlaimint na hEorpa

### 1. **RÉAMHRÁ**

**Cén leagan amach a bhíonn ar chomórtas?**

Sraith céimeanna atá i gcomórtas ina dtéann na hiarrthóirí in iomaíocht lena chéile. Bíonn an comórtas ar oscailt do gach saoránach den Aontas Eorpach a chomhlíonann, ar an dáta deiridh atá socraithe chun iarratais a chur isteach, na critéir riachtanacha, agus tugann sé deis chothrom do na hiarrthóirí go léir a n-inniúlachtaí a léiriú agus tugann sé an deis roghnú a dhéanamh bunaithe ar thuillteanas, agus prionsabal na córa comhionainne á urramú.

Déantar na hiarrthóirí a n-éiríonn leo sa chomórtas a chur ar liosta d'iarrthóirí oiriúnacha as a roghnaíonn Parlaimint na hEorpa daoine do na poist a luaitear san fhógra comórtais.

Déantar bord roghnúcháin a cheapadh i gcás gach comórtais. Ainmníonn an fhoireann riaracháin agus an Coiste Foirne comhaltaí an bhoird roghnúcháin. Is ar mhodh rúin a dhéantar obair an bhoird roghnúcháin agus cuirtear an obair sin i gcrích i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh (1).

Déanann an bord roghnúcháin na coinníollacha incháilitheachta don chomórtas, arna leagan síos san fhógra comórtais, a chur i bhfeidhm go diongbháilte le linn dóibh cinneadh a dhéanamh maidir le gach iarrthóir i dtaobh glacadh nó gan glacadh lena n-iarratas. Má glacadh le hiarrthóir i gcomórtas nó i nós imeachta roghnúcháin roimhe seo, ní hionann sin agus a rá go bhfuil siad incháilithe go huathoibríoch don nós imeachta seo.

Chun go ndéanfar na hiarrthóirí is fearr a roghnú, déanfaidh an bord roghnúcháin comparáid idir feidhmíocht na n-iarrthóirí chun breithniú a dhéanamh ar a gcumas na cúraimí a bhfuil tuairisc orthu san fhógra comórtais a chomhall. Dá bhrí sin, ní hamháin go bhfuil ar an mbord an leibhéal eolais a mheas ach ní foláir dó freisin na daoine is fearr atá cáilithe don phost a shainaithint, bunaithe ar thuillteanas na n-iarrthóirí.

Tabhair do d'aire, le do thoil, go dtógann sé idir 6 agus 12 mhí de ghnáth comórtas a thabhairt chun críche, ag brath ar an líon iarrthóirí.

### 2. **CÉIMEANNA AN CHOMÓRTAIS**

Seo a leanas na céimeanna a bhíonn i gcomórtas:

— glacadh le comhaid iarratais,

— réamhroghnú,

— trialacha,

— liosta d'iarrthóirí oiriúnacha.

### 2.1. **Glacadh le comhaid iarratais**

Caithfear clárú ar ardán ar líne Apply4EP agus ar an ardán sin amháin, agus na céimeanna uile a leanúint go dílis go dtí an chéim dheiridh ina ndéantar bailíochtú go leictreonach ar d'iarratas. Maidir leis na doiciméid tacaíochta ábhartha go léir atá ag teastáil chun a chruthú go gcomhlíonann tú na coinníollacha atá luaite san fhógra comórtais, beidh ort iad sin a chur i gceangal chun go bhféadfaidh an bord roghnúcháin beachtas na faisnéise a fhíorú agus is fearr é má bhíonn na doiciméid sin i bhformáid PDF. Is fútsa atá sé doiciméid inléite a chur ar fáil.

Tabhair do d'aire go ligeann ardán Apply4EP duit doiciméid a uaslódáil (uasmhéid 5 MB in aghaidh an doiciméid, i bhformáid DOC, DOCX, GIF, JPG, TXT, PDF, PNG agus RTF) lena dtugtar cruthúnas den taithí ghairmiúil, de chéimeanna/dhioplómaí agus, i gcás inarb ábhartha, den eolas ar theangacha atá luaite sa chomhad iarratais.

### 2.2. **Céim an réamhroghnúcháin**

Tá dhá fhochéim i gceist le céim an réamhroghnúcháin

(a) tástáil ceisteanna ilrogha (MCQ) agus

(b) scagaire tallainne.

---

(1) Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1), arna leasú le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 723/2004 (IO L 124, 27.4.2004, lch. 1) agus arna leasú go deireanach le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leasaítear Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh (IO L 287, 29.10.2013, lch. 15).

Cuirfidh an tÚdarás Ceapacháin liosta le chéile d'iarrthóirí a chuir isteach a gcomhad iarratais ar an modh ceart agus faoin dáta deiridh i gcomhair iarratais, agus ansin cuirfidh sé an liosta sin ar aghaidh chuig an mbord roghnúcháin in éineacht leis na hiarratais.

Tabharfar cuireadh chun na tástála réamhroghnúcháin do na hiarrthóirí agus is tástáil MCQ a bheidh i gceist. Is le ríomhaire a cheartófar an tástáil sin.

Gheobhaidh na hiarrthóirí ceisteanna samplacha mar aon le treoracha maidir le conas dul i mbun na tástála MCQ trína gcuntas Apply4EP.

Tá an scagaire tallainne ceangailte leis an bhfógra comórtais. **Ní mór duit é a chomhlánú agus é a uaslódáil sa roinn iomchuí ar Apply4EP ar a dhéanaí faoin spriocdháta agus faoin sprioc-am chun iarratais a chur isteach, atá leagtha amach san fhógra comórtais.**

Ar mhaithe leis na hiarrthóirí a roghnú a dtabharfar cuireadh dóibh chun na dtrialacha scríofa, seiceálfaidh an bord roghnúcháin, in ord laghdaitheach, na marcanna arna ngnóthú sa tástáil MCQ, na marcanna arna ngnóthú sa scagaire tallainne agus cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh na coinníollacha ginearálta agus sonracha.

Ina dhiaidh sin, déanfaidh an bord roghnúcháin measúnú ar na hiarratais ina luaitear na cáilíochtaí (dioplómaí/céimeanna, eolas ar theangacha agus taithí ghairmiúil go sonrach) **is ábhartha** le haghaidh chineál na gcúraimí agus na gcritéar roghnúcháin a luaitear san fhógra comórtais.

Chun na críche sin, bunóidh an bord roghnúcháin a mheastóireacht bunaithe ar na freagraí arna dtabhairt ag an iarrthóir sa scagaire tallainne, **agus ar na freagraí sin amháin**, go dtí go mbeidh líon iarrthóirí roghnaithe arb ionann é agus líon na ndaoine ar féidir cuireadh a thabhairt dóibh chuig an gcéad chéim eile den chomórtas.

Chun an roghnú bunaithe ar cháilíochtaí a dhéanamh, déanfaidh an bord roghnúcháin scrúdú ar na freagraí a thabharfaidh na hiarrthóirí sa scagaire tallainne. Tabharfar idir 0 agus 4 phointe do gach freagra. Féadfaidh an bord roghnúcháin a chinneadh ualú a thabhairt do gach critéar roghnúcháin, ar ualú é a léiríonn a thábhacht choibhneasta, ó 1 go 3. Sa chás sin, iolrófar na pointí a shanntar do gach freagra faoin gcomhéifeacht ualaithe sin. Déanfar pointí gach iarrthóra a shuimiú chun na daoine is fearr a bhfuil a bpróifíl ag teacht le cúraimí an phoist a aithint.

I gcás ina bhfaighidh roinnt iarrthóirí na marcanna céanna don áit deiridh a bheidh ar fail, tabharfar cuireadh do na hiarrthóirí sin go léir chuig an gcéad chéim eile den chomórtas. Ní scrúdófar iarratais ná scagairí tallainne d'iarrthóirí atá faoi bhun na tairsí sin.

2.3. **Trialacha**

Tá na trialacha go léir éigeantach agus tá feidhm dhíbeartha ag roinnt leo. Tá an líon uasta d'iarrthóirí a nglacfar leo i gcomhair na dtrialacha leagtha síos san fhógra comórtais.

Tá tuairisc ar na trialacha agus ar an gcóras marcála ar fáil i Roinn B.2 den fhógra comórtais.

**Sonraíochtaí teicniúla — Trialacha ar líne (tástáil MCQ agus trialacha scríofa)**

Maidir leis na trialacha scríofa ar líne, úsáideann Parlaimint na hEorpa soláthraí seirbhíse.

Beidh ríomhaire (deisce nó glúine) ag teastáil uait le:

— córas oibriúcháin Microsoft Windows 7 nó leaganacha níos déanaí nó Apple OS X 10.11 "Yosemite" nó leaganacha níos déanaí i gcás MAC,

— acmhainneacht 1 GB de spás saor ar an diosca crua,

— ceamara éadain ceangailte nó ceamara éadain ar cuid de do ríomhaire é,

— nasc idirlín,

— 4 GB RAM.

Cuirfear ar an eolas thú roimh na trialacha maidir le haon athruithe ar na híoscheanglais theicniúla a thiocfaidh as nuashonrú ar na bogearraí.

Ní oibreoidh na córais oibriúcháin XP, Vista ná cinn níos sine, Windows 10 S, Windows ARM (RT), MacOS níos sine ná 10.11, IOS (Ipad, Iphone), Android, Chromebook, Meaisín fíorúil, Linux (debian, ubuntu, etc.) agus OS 32-ghiotán.

Ina theannta sin, ní mór duit cearta riarthóra a bheith agat don ríomhaire deisce nó glúine chun bac a chur ar rochtain ar fheidhmchláir (doiciméid, bogearraí eile, suíomhanna gréasáin, etc.) cé is moite d'fheidhmchlár an tsoláthraí seirbhíse, agus na trialacha ar siúl.

Ní mór duit a chinntiú go bhfuil do ríomhaire ar an dáta agus am ceart agus go bhfuil taifeach do scáileáin ceart.

***Ní mór duit an feidhmchlár a íoslódáil, a shuiteáil, a sheiceáil agus a thástáil a luaithe agus is féidir (seachtain amháin roimh na trialacha ar a laghad).*** Chun an feidhmchlár a thástáil, iarrtar ort tástáil ar réamhriachtanais theicniúla a dhéanamh nuair a bheidh sé suiteáilte agat. **Caithfear an tástáil sin ar réamhriachtanais theicniúla a dhéanamh agus ní mór í a dhéanamh ar an ríomhaire deisce nó glúine a úsáidfear ar lá na dtrialacha.** Ní chuirfear an tástáil ar réamhriachtanais theicniúla san áireamh sna torthaí a bheidh agat. Cuirfidh sé ar do chumas cur amach a fháil ar an bhfeidhmchlár agus ar conas é a úsáid.

**Ní mór gach bogearra frithvíreas ar an ríomhaire deisce nó glúine a bheith díghníomhachtaithe le linn na dtrialacha.**

Má bhíonn fadhb theicniúil agat ag céim ar bith den chomórtas, cuir an tAonad um Roghnú Tallainne ar an eolas trí do chuntas Apply4EP, agus sonraigh go soiléir uimhir agus teideal an nós imeachta agus an fhadhb a bhí ann, chun go mbeimid in ann an tsaincheist a fhiosrú agus bearta ceartaitheacha a dhéanamh más gá.

***Lá na dtrialacha*: Le linn na dtrialacha, déan gach beart is gá chun nach mbeidh ort do ríomhaire a fhágáil. Tá tuilleadh faisnéise faoin gcaoi leis na trialacha a dhéanamh agus faoin méid ba cheart a dhéanamh agus nár cheart a dhéanamh le linn na dtrialacha ar fáil sa "Treoir d'iarrthóirí", a chuirfear chugat in éineacht leis an litir ina dtabharfar cuireadh chun na dtrialacha duit.**

**Má tharlaíonn fadhb le linn na dtrialacha, déan *teagmháil láithreach leis an soláthraí seirbhíse* ar an teileafón ag + 33 176411488** ionas gur féidir an fhadhb a réiteach agus leanúint ar aghaidh le do thriail.

Más rud é nach ndéanfaidh iarrthóir na trialacha go léir, ní mharcálfar iad.

**Ní féidir na trialacha scríofa (nó an tástáil MCQ) ar líne a dhéanamh ach amháin ar an dáta agus am a bheidh sonraithe sa chuireadh chun na dtrialacha. Mura bhfuil tú in ann triail a dhéanamh, ní bheidh deis eile agat í a dhéanamh.**

Fiú má tá na trialacha ar siúl ar an lá céanna, ar chúiseanna eagrúcháin, marcálfar na trialacha sin san ord ina luaitear iad san fhógra comórtais. Mura mbaineann iarrthóir amach an marc íosta atá riachtanach i gceann de na tástálacha/na trialacha, ní mharcálfaidh an bord roghnúcháin an triail ina dhiaidh sin.

### 2.4. **Liosta d'iarrthóirí oiriúnacha**

Poibleofar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha ar a mbeidh ainmneacha na n-iarrthóirí a roghnaíodh.

Is ionann ainm iarrthóra a bheith ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha agus go bhféadfaidh ceann de sheirbhísí Pharlaimint na hEorpa cuireadh chun agallaimh a thabhairt don duine sin, ach ní hionann é sin agus ceart ná ráthaíocht go ndéanfaidh an institiúid an t-iarrthóir sin a earcú.

## 3. **CONAS IARRATAS A DHÉANAMH?**

### 3.1. **Sonraí Ginearálta**

Sula ndéanfaidh tú iarratas, léigh go cúramach na coinníollacha riachtanacha san fhógra comórtais maidir le taithí ghairmiúil, oiliúint agus eolas ar theangacha. Ba cheart duit an fógra comórtais agus an treoir seo a léamh go cúramach agus glacadh leis na téarmaí a leagtar amach iontu. Tugtar cuireadh duit cur isteach ar na comórtais dá gcomhlíonann tú na critéir riachtanacha ar a laghad agus a bhfuil na hinniúlachtaí is gá dóibh agat, agus cruthúnas agat ina leith sin.

Cuireann Parlaimint na hEorpa ardán ar líne, Apply4EP, ar fáil ar féidir cur isteach ar a comórtais air. Is féidir rochtain a fháil ar an ardán ag an seoladh seo a leanas: https://apply4ep.gestmax.eu.

Chun cuntas a chruthú ar Apply4EP, cliceáil ar an táb "Déan iarratas ar líne" atá le fáil ag deireadh an fhógra comórtais a dteastaíonn uait iarratas a dhéanamh ina leith agus lean na treoracha.

Ní féidir leat **ach aon chuntas amháin** a chruthú. Is féidir leat, áfach, na sonraí pearsanta atá cláraithe agat a mhodhnú chun an fhaisnéis a bhaineann leat a thabhairt cothrom le dáta.

**Tabhair do d'aire**: Níl córas cúltaca ag Apply4EP go fóill. Dá bhrí sin, má fhágann tú an leathanach gan do chomhad iarratais a bheith tugtha chun críche agat, caillfidh tú an fhaisnéis ar fad atá curtha suas agat agus beidh ort gach rud a dhéanamh arís. Bíodh na doiciméid tacaíochta go léir atá le cur i gceangal le do chomhad iarratais ullmhaithe agat roimh ré.

Beidh ort an fhoirm iarratais **a chomhlánú ar líne** agus gach doiciméad tacaíochta a éilítear a chur i gceangal leis an iarratas, agus is fearr é má bhíonn na doiciméid tacaíochta sin i bhformáid PDF. Is fútsa atá sé doiciméid inléite a chur ar fáil. **Ní mór an scagaire tallainne atá ceangailte leis an bhfógra comórtais a chomhlánú. Nuair a bheidh an doiciméad comhlánaithe agat, ní mór duit é a uaslódáil i do chomhad iarratais sa roinn iomchuí chuige sin.** Ní bheifear in ann clárú i ndiaidh an dáta agus am deiridh don chomórtas a leagtar síos san fhógra comórtais. Moltar go láidir gan fanacht go dtí an lá deireanach chun an comhad iarratais a chur isteach. Ní fhéadfar Parlaimint na hEorpa a chur faoi dhliteanas i gcás fadhbanna teicniúla ag an nóiméad deireanach a d'fhéadfadh tarlú de dheasca ró-ualú ar an gcóras.

Maidir le doiciméid eile a dhéanfar a uaslódáil, gan beann ar a bhfuil iontu, seachas na doiciméid a cheanglófar agus an t-iarratas ar líne á dhéanamh, ní chuirfear san áireamh iad.

Ní ghlacfaidh an tAonad um Roghnú Tallainne le hiarratais a chuirfear isteach trí lámhsheachadadh.

Má tá tú faoi mhíchumas nó i gcúinsí ar leith a d'fhágfadh go bhféadfadh deacrachtaí a bheith agat le linn na dtrialacha (e.g. a bheith torrach nó leanbh agat atá fós á chothú ar an gcíoch, nó mar gheall go bhfuil fadhbanna sláinte agat nó go bhfuil tú faoi chóir leighis, etc.), ní foláir duit an méid sin a thabhairt le fios sa chomhad iarratais agus aon fhaisnéis ábhartha a sholáthar ionas go mbeidh an fhoireann riaracháin in ann bearta iomchuí a ghlacadh a mhéid a mheastar a bheith réasúnach. Más amhlaidh an cás, ba cheart duit aon socruithe speisialta a mheasann tú a bheith riachtanach chun do rannpháirtíocht sna trialacha a éascú a lua sa chomhad iarratais. Tabhair do d'aire, chun go gcuirfear d'éileamh ar shocruithe speisialta san áireamh, go n-iarrtar ort deimhniú ó d'údarás náisiúnta nó teastas leighis a sheoladh le d'iarratas. Déanfar na doiciméid tacaíochta a scrúdú ionas go bhféadfar socruithe réasúnacha a dhéanamh chun freastal ar do riachtanais.

### 3.2. **Cén chaoi ar cheart comhad iarratais comhlánaithe a chur isteach?**

1. Déan iarratas ar líne trí dhul chuig an nasc san fhógra comórtais agus comhlánaigh na céimeanna uile go cruinn cúramach. Chun é sin a dhéanamh, ní mór duit cuntas AMHÁIN a bheith agat ar ardán Apply4EP, ar féidir leat é a chruthú trí chliceáil ar "Déan iarratas ar líne".

2. **Déan na doiciméid tacaíochta riachtanacha go léir a chur i gceangal leis an iarratas**, agus is fearr iad a bheith tiontaithe go dtí formáid PDF roimh ré. Is fútsa atá sé doiciméid inléite a chur ar fáil. Ceadaítear doiciméid a uaslódáil chuig ardán APPLY4EP ar uasmhéid de **5 MB** in aghaidh an doiciméid.

3. Déan d'iarratas a bhailíochtú trí na treoracha san fheidhmchlár a leanúint, agus bíodh sé sin déanta agat faoin dáta deiridh atá leagtha síos san fhógra comórtais. Déan deimhin de go mbeidh an comhad iarratais comhlánaithe go cuí agat agus go mbeidh na doiciméid tacaíochta riachtanacha ar fad ag gabháil leis sula gcuirfidh tú isteach é. A luaithe a bheidh sé bailíochtaithe, ní bheidh tú in ann aon athrú a dhéanamh ar an gcomhad iarratais ná ní bheidh tú in ann aon doiciméad eile a chur leis.

### 3.3. **Cad iad na doiciméid tacaíochta nach mór a chur i gceangal leis an iarratas?**

#### 3.3.1. *Ginearálta*

Ní gá gur cóipeanna deimhnithe a bheadh sna doiciméid a uaslódálfaidh tú le d'iarratas ar líne, agus is fearr é má bhíonn na doiciméid sin i bhformáid PDF.

Ní doiciméid tacaíochta bhailí iad tagairtí do shuíomhanna gréasáin ná do na meáin shóisialta.

Ní mheastar gur deimhniúcháin iad asphriontaí de leathanaigh as suíomhanna gréasáin, ach féadfar iad a chur i gceangal mar fhaisnéis bhreise agus chuige sin amháin.

***Ní mheastar gurb ionann curriculum vitae agus doiciméad tacaíochta le haghaidh taithí ghairmiúil, céim/céimeanna nó dioplóma/dioplómaí nó, i gcás inarb ábhartha, eolas ar theangacha.***

I dtiomsú do chomhaid iarratais duit, ní fhéadfaidh tú tagairt a dhéanamh do chomhaid iarratais ná do dhoiciméid eile a uaslódáladh mar chuid d'iarratas a rinneadh roimhe seo.

#### 3.3.2. *Doiciméid tacaíochta a chruthaíonn go bhfuil na coinníollacha ginearálta á gcomhlíonadh*

Ní iarrtar doiciméad ar bith ag an bpointe seo chun a chruthú:

— go bhfuil tú i do náisiúnach de cheann amháin de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh,

— go bhfuil do lánchearta mar shaoránach á dteachtadh agat,

— go bhfuil do dhualgais comhlíonta agat i ndáil leis na hoibleagáidí seirbhíse míleata is infheidhme de réir dlí,

— go bhfuil na teistiméireachtaí carachtair agat is iomchuí do na cúraimí atá i gceist a chomhlíonadh,

— go bhfuil an t-eolas ar theangacha 1 agus 2 agat atá luaite sa chomhad iarratais, seachas sna cásanna sonracha a luaitear go sainráite san fhógra comórtais.

**Ní mór duit tic a chur sa bhosca a ghabhann leis an dearbhú ar onóir.** Leis sin, dearbhaíonn tú ar d'onóir go bhfuil na coinníollacha sin á gcomhlíonadh agat agus go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha agat fíor agus iomlán.

Iarrfar ort na doiciméid sin a chur ar fáil nuair a dhéanfar tú a earcú.

3.3.3. *Doiciméid tacaíochta le haghaidh na gcoinníollacha sonracha agus le haghaidh an scagaire tallainne*

Tá ort an fhaisnéis go léir agus na doiciméid uile a sholáthar don bhord roghnúcháin a chuirfidh ar chumas an bhoird sin beachtas na faisnéise atá tugtha sa chomhad iarratais a dheimhniú.

— Dioplómaí/céimeanna agus/nó teastais lena ndeimhnítear gur bhain na hiarrthóirí cáilíocht amach i gcúrsa léinn

Ní foláir duit cóip de na dioplómaí nó teastais oideachais meánscoile, dioplómaí/céimeanna ollscoile nó teastais atá agat lena ndeimhnítear gur bhain tú cáilíocht amach i gcúrsa léinn ar an leibhéal a éilítear san fhógra comórtais a chur ar fáil le d'iarratas ar líne agus is fearr é má bhíonn na doiciméid sin i bhformáid PDF. Is fútsa atá sé doiciméid inléite a chur ar fáil.

Tabharfaidh an bord roghnúcháin aird, i ndáil leis sin, ar chórais dhifriúla oideachais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (Iarscríbhinn I den treoir seo). Má fuair tú dioplóma/céim i dtríú tír, ní mór go mbeadh dearbhú coibhéise ag gabháil leis/léi, ar dearbhú é arna sholáthar ag údarás inniúil i mBallstát de chuid an Aontais Eorpaigh.

Maidir le dioplómaí/céimeanna tríú leibhéal, ní foláir an fhaisnéis is mionsonraithe agus is féidir a chur ar fáil, go háirithe maidir leis na hábhair a ndearnadh staidéar orthu agus an tréimhse a mhair na cúrsaí, ionas go mbeidh ar chumas an bhoird roghnúcháin a mheas cé chomh hábhartha do chúraimí an phoist atá na dioplómaí/céimeanna sin.

Maidir le hoiliúint theicniúil nó ghairmiúil, cúrsaí breisoideachais nó speisialtóireachta, ní foláir duit a chur in iúl an cúrsaí lánaimseartha, cúrsaí páirtaimseartha nó ranganna oíche a bhí i gceist leo, agus na hábhair a rinneadh, mar aon le fad oifigiúil na gcúrsaí. Iarrtar ort an fhaisnéis sin ar fad a uaslódáil in aon doiciméad amháin agus is fearr é má bhíonn sé i bhformáid PDF.

— Taithí ghairmiúil

Más rud é go n-éilítear taithí ghairmiúil san fhógra comórtais, ní chuirfear san áireamh ach amháin an taithí ghairmiúil atá faighte ag iarrthóirí **i ndiaidh dóibh an chéim/dioplóma nó an cháilíocht léinn is gá a bhaint amach**. Ní foláir cruthúnas a bheith sna doiciméid tacaíochta de **thréimhse agus leibhéal** na taithí gairmiúla agus ní mór an cur síos ar an **gcineál cúraimí a cuireadh i gcrích** a bheith **chomh mionsonraithe agus is féidir** ionas go mbeidh ar chumas an bhoird roghnúcháin a mheas cé chomh hábhartha do chúraimí an phoist atá an taithí ghairmiúil sin. Má tá níos mó ná doiciméad amháin agat don taithí ghairmiúil chéanna, beidh ort iad sin a uaslódáil mar aon doiciméad amháin.

Ní foláir go mbeidh doiciméad tacaíochta ann le haghaidh gach tréimhse den obair ghairmiúil lena mbaineann, mar shampla:

— deimhniúcháin ó iarfhostóirí agus ón bhfostóir reatha lena ndeimhnítear an taithí ghairmiúil a éilítear chun cur isteach ar an gcomórtas,

— más rud é, ar chúiseanna rúndachta, nach féidir leis na hiarrthóirí na deimhniúcháin sin a chur i gceangal leis an iarratas, **tá sé ríthábhachtach**, ina n-ionad sin, go ndéantar fótachóip den chonradh oibre nó den litir earcaíochta agus/nó den chéad duillín pá agus den duillín pá deiridh agus go ndéantar leagan leictreonach den fhótachóip sin a chur i gceangal leis an iarratas,

— i gcás nach thar ceann fostóra a rinneadh an obair ghairmiúil (duine féinfhostaithe, duine a ghabhann le saorghairmeacha etc.), glacfar mar chruthúnas le sonraisc ina dtugtar mionsonraí faoi na seirbhísí a soláthraíodh nó le haon doiciméad tacaíochta oifigiúil eile atá ábhartha.

— Eolas ar theangacha

I gcás próifílí teanga, agus má iarrtar sin san fhógra comórtais, beidh ort cruthúnas a thabhairt de do thríú teanga agus, b'fhéidir, teangacha eile, as measc 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh, tríd an scagaire tallainne a chomhlánú agus leibhéal an eolais ar an teanga a shonrú.

— Scagaire tallainne

Ní mór duit sraith ceisteanna a fhreagairt. Tá na ceisteanna bunaithe ar na critéir atá leagtha síos san fhógra comórtais agus déanfaidh an bord roghnúcháin meastóireacht ar na freagraí a bheidh tugtha agat. Ní mór do gach iarrthóir i gcomórtas gach ceist a fhreagairt. Cuirfear freagraí gach iarrthóra faoi bhráid an bhoird roghnúcháin sa chreat struchtúrtha céanna, rud a chuideoidh leis an mbord meastóireacht chúramach agus oibiachtúil a dhéanamh ar bhuanna na n-iarrthóirí ar fad i gcomparáid lena chéile.

4. **DÍCHÁILIÚ**

D'fhéadfaí tú a dhícháiliú ag aon chéim den chomórtas más rud é:

— gur chruthaigh tú níos mó ná aon chuntas amháin,

— go ndearna tú dearbhuithe bréagacha nó dearbhuithe gan doiciméid tacaíochta iomchuí a bheith ann dóibh,

— nár fhreastail tú ar cheann amháin nó níos mó de na trialacha,

— go ndearna tú séitéireacht le linn na dtrialacha,

— go ndearna tú iarracht dul i dteagmháil le comhalta den bhord comórtais ar bhealach neamh-údaraithe,

— go ndearna do shíniú nó marc suaithinseach a chur ar na trialacha scríofa nó praiticiúla a mharcáiltear gan aon ainm luaite leo,

— nár chloígh tú leis na treoracha a tugadh maidir leis na trialacha ar líne.

Ní mór do gach iarrthóir i gcomórtas ardleibhéal iontaofachta a léiriú. Déanfar pionóis a fhorchur i dtaca le haon chalaois nó iarracht ar chalaois.

5. **CUMARSÁID**

I bhfianaise na freagrachta atá ort, ní foláir duit gach cúram a ghlacadh lena chinntiú go bhfuil an t-iarratas ar líne comhlánaithe go cuí, go bhfuil gach doiciméad tacaíochta a éilítear curtha i gceangal leis an iarratas agus go bhfuil an t-iarratas bailíochtaithe in Apply4EP roimh an dáta deiridh chun iarratas a dhéanamh faoi mar a leagtar síos san fhógra comórtais.

Tabharfar deimhniú ar gach iarratas a dhéantar trí Apply4EP trí theachtaireacht ríomhphoist ina luafar go bhfuil an clárú déanta. Seiceáil d'fhillteán turscair, le do thoil.

**Ní thabharfar aird ar aon iarratas a chuirtear isteach ar mhodh eile seachas trí Apply4EP. Dá réir sin, is saothar in aisce é iarratas a chur isteach tríd an bpost, bíodh an litir sin cláraithe nó ná bíodh. Ní ghlacfaidh an tAonad um Roghnú Tallainne le hiarratais a chuirfear isteach trí lámhsheachadadh.**

Is ar an Aonad um Roghnú Tallainne atá an cúram déileáil le gach comhfhreagras leis na hiarrthóirí go dtí go mbeidh an comórtas críochnaithe.

Déanfar an comhfhreagras go léir ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an gcomórtas, lena n-áirítear cuireadh chun na dtrialacha agus cur in iúl na dtorthaí, a sheoladh le ríomhphost chuig na hiarrthóirí ag an seoladh a thugtar sa chomhad iarratais. Is faoi na hiarrthóirí atá sé seiceáil rialta a dhéanamh ar a ríomhphoist agus a sonraí pearsanta ar a gcuntas Apply4EP a choimeád cothrom le dáta.

Chun a áirithiú go mbeidh an bord roghnúcháin neamhspleách, tá toirmeasc ar na hiarrthóirí i gcúinse ar bith aon teagmháil a dhéanamh leis, go díreach nó go hindíreach, agus má dhéanann siad é sin d'fhéadfaí iad a eisiamh ón gcomórtas.

Iarrtar ar na hiarrthóirí gan glaoch a chur ar an Aonad um Roghnú Tallainne agus a gceisteanna a sheoladh trí fhreagra a thabhairt ar an ríomhphost deimhniúcháin a seoladh nuair a chuireann siad iarratas isteach ar líne.

Má bhíonn fadhbanna teicniúla ag iarrthóirí, iarrtar orthu scríobh chuig an seoladh seo a leanas: PERS-APPLY4EPContacts@europarl.europa.eu.

6. **FAISNÉIS GHINEARÁLTA**

6.1. **Comhionannas deiseanna**

Glacann Parlaimint na hEorpa fíorchúram chun gach cineál idirdhealaithe a sheachaint le linn an nós imeachta roghnúcháin.

Is fostóir comhionannais deiseanna í agus glacann sí le hiarratais gan idirdhealú a dhéanamh ar fhorais ar bith amhail inscne, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, tréithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó aon tuairim eile, a bheith i do dhuine de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, gnéaschlaonadh, stádas pósta nó stádas teaghlaigh.

6.2. **Iarrataí ó iarrthóirí ar fhaisnéis a bhaineann leo a rochtain**

I gcomhthéacs an chomórtais, tá ceart sonrach ag na hiarrthóirí faisnéis áirithe a bhaineann leo go díreach agus go leithleach a rochtain, faoi réir na gcoinníollacha a dtugtar tuairisc anseo thíos orthu. De bhua an chirt sin, féadfaidh Parlaimint na hEorpa an fhaisnéis bhreise seo a leanas a sholáthar d'iarrthóirí arna iarraidh sin dóibh:

(a) féadfaidh iarrthóirí nár éirigh leo sa tástáil MCQ tábla ina bhfuil a gcuid freagraí chomh maith le tábla ina bhfuil na freagraí cearta a fháil. Ní foláir aon iarraidh a dhéanamh **laistigh de 1 mhí amháin** ón dáta a seoladh an teachtaireacht ríomhphoist ag tabhairt fógra don iarrthóir faoi na torthaí tríd an gcuntas Apply4EP;

(b) i gcás iarrthóirí nár éirigh leo sna trialacha scríofa agus/nó nach bhfuil i measc na n-iarrthóirí a fuair cuireadh chun na dtrialacha cainte, féadfaidh siad cóip a fháil de na páipéir a scríobh siad do na trialacha mar aon le cóip de na bileoga meastóireachta pearsanta ina bhfuil trácht an bhoird roghnúcháin i dtaobh chomh maith agus a d'éirigh leo. Ní foláir aon iarraidh a dhéanamh **laistigh de 1 mhí amháin** ón dáta a seoladh an teachtaireacht ríomhphoist ag tabhairt fógra don iarrthóir faoin gcinneadh tríd an gcuntas Apply4EP;

(c) i gcás iarrthóirí ar tugadh cuireadh chun na dtrialacha cainte dóibh agus nár cuireadh a n-ainm ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha, ní chuirfear na marcanna a fuair siad sna trialacha éagsúla in iúl dóibh go dtí go mbeidh an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha tarraingthe suas ag an mbord roghnúcháin. Arna iarraidh sin dóibh, féadfaidh siad cóip dá trialacha scríofa a fháil nach mbeidh ceartaithe agus, i gcás na dtrialacha uile, idir thrialacha scríofa agus trialacha cainte, féadfaidh siad cóip a fháil den bhileog mheastóireachta phearsanta ina bhfuil trácht an bhoird roghnúcháin i dtaobh chomh maith agus a d'éirigh leo. Ní foláir aon iarraidh a dhéanamh **laistigh de 1 mhí amháin** ón dáta a seoladh teachtaireacht ríomhphoist ag tabhairt fógra d'iarrthóirí faoin gcinneadh gan iad a chur ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha;

(d) cuirfear in iúl do na hiarrthóirí a bheidh ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha gur éirigh leo sa chomórtas. Mar sin féin, féadfaidh na hiarrthóirí sin iarraidh ar rochtain a chur isteach i gcomhréir le pointe (a), pointe (b) agus pointe (c) thuas.

Ní mór próiseáil iarrataí den sórt sin a réiteach le rúndacht obair an bhoird roghnúcháin amhail dá bhforáiltear i Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh (Iarscríbhinn III, Airteagal 6), lena gcuirtear bac ar thuairimí an bhoird roghnúcháin a nochtadh ná ar aon fhaisnéis a bhaineann le meastóireachtaí ar iarrthóirí aonair nó le meastóireachtaí ina gcuirtear iarrthóirí i gcomparáid lena chéile a nochtadh. Déantar iarrataí den sórt sin a phróiseáil freisin i gcomhréir leis na rialacha maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil. Féachfaidh an Pharlaimint, a mhéid is féidir, le freagairt d'iarrataí ar rochtain laistigh de 1 mhí amháin ón iarraidh a fháil.

### 6.3. **Cosaint sonraí pearsanta**

Déanann Parlaimint na hEorpa, ina cáil mar chomhlacht atá freagrach as comórtais a eagrú, a áirithiú go bpróiseáiltear sonraí pearsanta na n-iarrthóirí i ndlúthchomhlíonadh Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), go sonrach a mhéid a bhaineann le rúndacht agus slándáil na sonraí sin.

### 6.4. **Speansais taistil agus chothaithe i gcás trialacha a eagraítear i bpearsa**

Déanfar ranníocaíocht i dtreo speansais taistil agus chothaithe na n-iarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun na dtrialacha dóibh i gcás trialacha a eagraítear i bpearsa. Déanfar mionsonraí faoin gcomórtas agus na rátaí is infheidhme a thabhairt sa teachtaireacht lena dtugtar cuireadh don iarrthóir chun na dtrialacha.

Glacfar leis gurb é an seoladh a thabharfaidh an t-iarrthóir sa chomhad iarratais an áit óna bhfágfaidh an t-iarrthóir le dul chuig an áit ina n-iarrfar air na trialacha a dhéanamh. I ndáil leis sin, ní fhéadfar aird a thabhairt ar athrú ar an seoladh a chuirfidh iarrthóirí in iúl tar éis do Pharlaimint na hEorpa cuirí chun na dtrialacha a sheoladh, ach amháin sa chás go measann an Pharlaimint go bhfuil *force majeure* i gceist nó gur cás é atá go hiomlán eisceachtúil.

## 7. **IARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ — GEARÁIN AGUS ACHOMHAIRC — GEARÁIN CHUIG AN OMBUDSMAN EORPACH**

Tá faisnéis maidir le hiarrataí ar athbhreithniú, gearáin agus achomhairc mar aon le gearáin chuig an Ombudsman Eorpach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an treoir seo.

---

([2]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

*IARSCRÍBHINN I*

**TREOIR *THÁSCACH* DE CHÁILÍOCHTAÍ DE CHUID AN AONTAIS EORPAIGH LENAR FÉIDIR CUR ISTEACH AR CHOMÓRTAIS DON FHEIDHMGHRÚPA AD ([1]) (ARNA MEAS AR BHONN CÁS AR CHÁS)**

| TÍR | Cúrsa ollscoile a mhaireann 4 bliana ar a laghad | Cúrsa ollscoile a mhaireann 3 bliana ar a laghad |
|---|---|---|
| **Belgique — België — Belgien** | Licence/Licentiaat/Diplôme d'études approfondies (DEA)/Diplôme d'études spécialisées (DES)/Diplôme d'études supérieures spécialisées (DESS)/Gediplomeerde in de Voortgezette Studies (GVS)/Gediplomeerde in de Gespecialiseerde Studies (GGS)/Gediplomeerde in de Aanvullende Studies (GAS)<br>Agrégation de l'enseignement secondaire supérieur (AESS)/Aggregaat<br>Ingénieur industriel/Industrïeel ingenieur/Master — 60/120 ECTS/Master complémentaire — 60 ECTS ou plus<br>Agrégation de l'enseignement secondaire supérieur (AESS) — 30 ECTS<br>Doctorat/Doctoraal Diploma | Bachelor académique (dit «de transition») — 180 ECTS<br>Academisch gerichte Bachelor — 180 ECTS |
| **България** | Диплома за висше образование Бакалавър — 240 ECTS/Магистър — 300 ECTS/Доктор<br>Магистър след Бакалавър — 60 ECTS/Магистър след Професионален бакалавър по … — 120 ECTS | |
| **Česko** | Diplom o ukončení vysokoškolského studia/Magistr/Doktor | Diplom o ukončení bakalářského studia (Bakalář) |
| **Danmark** | Kandidatgrad/Candidatus/Master/Magistergrad (Mag. Art)/Licenciatgrad/Ph.d.-grad | Bachelorgrad (B.A or B. Sc)/Professionsbachelorgrad/Diplomingeniør |
| **Deutschland** | Master (alle Hochschulen)/Diplom (Univ.)/Magister/Staatsexamen/Doktorgrad | Bachelor/Fachhochschulabschluss (FH)<br>Staatsexamen (Regelstudienzeit 3 Jahre) |
| **Eesti** | Rakenduskõrghariduse diplom/Bakalaureusekraad (160 ainepunkti)/Magistrikraad/Arstikraad/Hambaarstikraad/Loomaarstikraad/Filosoofiadoktor/Doktorikraad (120–160 ainepunkti) | Bakalaureusekraad (min 120 ainepunkti)/Bakalaureusekraad (< 160 ainepunkti) |
| **Éire/Ireland** | Céim Onórach Bhaitsiléara (4 bliana/240 ECTS) *Honours Bachelor Degree* (4 *years*/240 ECTS)/Céim Ollscoile *University Degree*/<br>Céim Mháistir (60-120 ECTS) *Master's Degree* (60-120 ECTS)/Céim Dochtúra *Doctorate* | Céim Onórach Bhaitsiléara (3 bliana/180 ECTS) (BA, B.Sc, B. Eng) *Honours Bachelor Degree* (3 *years*/180 ECTS) (BA, B.Sc, B. Eng) |

([1]) Déantar daoine a fhostú ar ghráid 7 go 16 de ghrúpa feidhme AD faoin gcoinníoll breise go bhfuil taithí ghairmiúil iomchuí de bhliain amháin ar a laghad acu.

| TÍR | Cúrsa ollscoile a mhaireann 4 bliana ar a laghad | Cúrsa ollscoile a mhaireann 3 bliana ar a laghad |
|---|---|---|
| **Ελλάδα** | Πτυχίο (ΑΕΙ πανεπιστημίου, πολυτεχνείου, ΤΕΙ υποχρεωτικής τετραετούς φοίτησης) 4 χρόνια (1ος κύκλος)<br>Μεταπτυχιακό Δίπλωμα Ειδίκευσης (2ος κύκλος)<br>Διδακτορικό Δίπλωμα (3ος κύκλος) | |
| **España** | Licenciado/Ingeniero/Arquitecto/Graduado/Máster Universitario/Doctor | Diplomado/Ingeniero técnico<br>Arquitecto técnico/Maestro |
| **France** | Maîtrise/MST (maîtrise des sciences et techniques)/MSG (maîtrise des sciences de gestion)<br>DEST (diplôme d'études supérieures techniques)/DRT (diplôme de recherche technologique)<br>DESS (diplôme d'études supérieures spécialisées)/DEA (diplôme d'études approfondies)<br>Master 1/Master 2 professionnel/Master 2 recherche<br>Diplôme des grandes écoles/Diplôme d'ingénieur/Doctorat | Licence |
| **Italia** | Diploma di Laurea (DL) — da 4 a 6 anni/Laurea specialistica (LS)/Laurea magistrale (LM)/Master universitario di primo livello/Master universitario di secondo livello/Diploma di Specializzazione (DS)/Dottorato di ricerca (DR) | Diploma universitario (3 anni)/Diploma di Scuola diretta a fini speciali (3 anni)/Laurea — L180 crediti |
| **Κύπρος** | Πανεπιστημιακό Πτυχίο/Bachelor<br>Master/Doctorat | |
| **Latvija** | Bakalaura diploms (160 kredīti)/Profesionālā bakalaura diploms/Maģistra diploms/Profesionālā maģistra diploms/Doktora grāds | Bakalaura diploms (min. 120 kredīti) |
| **Lietuva** | Aukštojo mokslo diplomas/Bakalauro diplomas/Magistro diplomas/Daktaro diplomas/Meno licenciato diplomas | Profesinio bakalauro diplomas Aukštojo mokslo diplomas |
| **Luxembourg** | Master/Diplôme d'ingénieur industriel/DESS en droit européen | Bachelor/Diplôme d'ingénieur technicien |

| TÍR | Cúrsa ollscoile a mhaireann 4 bliana ar a laghad | Cúrsa ollscoile a mhaireann 3 bliana ar a laghad |
|---|---|---|
| **Magyarország** | Egyetemi oklevél/Alapfokozat — 240 kredit/Mesterfokozat/Doktori fokozat | Főiskolai oklevél/Alapfokozat — 180 kredit vagy annál több |
| **Malta** | Bachelor's degree/Master of Arts/Doctorate | Bachelor's degree |
| **Nederland** | HBO Bachelor degree<br>HBO/WO Master's degree<br>Doctoraal examen/Doctoraat | Bachelor (WO) |
| **Österreich** | Master Magister/Magistra<br>Magister/Magistra (FH)<br>Diplom-Ingenieur/in<br>Diplom-Ingenieur/in (FH)<br>Doktor/in<br>PhD | Bachelor<br>Bakkalaureus/Bakkalaurea<br>Bakkalaureus/Bakkalaurea (FH) |
| **Polska** | Magister/Magister inżynier<br>Dyplom doktora | Licencjat/Inżynier |
| **Portugal** | Licenciado/Mestre/Doutor | Bacharel/Licenciado |
| **Hrvatska** | Baccalaureus/Baccalaurea (Sveučilišni prvostupnik/Prvostupnica)<br>Stručni specijalist<br>Master degree (magistar struke) 300 kredit min<br>Magistar inženjer/magistrica inženjerka (mag. ing)<br>Doktor struke/Doktor umjetnosti | Baccalaureus/Baccalaurea (Sveučilišni Prvostupnik/Prvostupnica) |
| **România** | Diplomă de Licență/Diplomă de inginer/Diplomă de urbanist/Diplomă de Master/Diplomă de Studii Aprofundate/Certificat de atestare (studii academice postuniversitare)/Diplomă de doctor | Diplomă de Licență |
| **Slovenija** | Univerzitetna diploma/Magisterij/Specializacija/Doktorat | Diploma o pridobljeni visoki strokovni izobrazbi |
| **Slovensko** | Diplom o ukončení vysokoškolského štúdia/bakalár (Bc.)/magister/inžinier/ArtD | Diplom o ukončení bakalárskeho štúdia (bakalár) |
| **Suomi/<br>Finland** | Maisterin tutkinto — Magister-examen<br>Ammattikorkeakoulututkinto — Yrkeshögskoleexamen (min 160 opintoviikkoa — studieveckor)<br>Tohtorin tutkinto (Doktorsexamen) joko 4 vuotta tai 2 vuotta lisensiaatin tutkinnon jälkeen — antingen 4 år eller 2 år efter licentiatexamen/Lisensiaatti/Licentiat | Kandidaatin tutkinto — Kandidatexamen/Ammattikorkeakoulututkinto -<br>Yrkeshögskoleexamen (min 120 opintoviikkoa — studieveckor) |

| TÍR | Cúrsa ollscoile a mhaireann 4 bliana ar a laghad | Cúrsa ollscoile a mhaireann 3 bliana ar a laghad |
|---|---|---|
| **Sverige** | Magisterexamen (akademisk examen omfattande minst 160 poäng varav 80 poäng fördjupade studier i ett ämne + uppsats motsvarande 20 poäng eller två uppsatser motsvarande 10 poäng vardera)/Licentiatexamen/Doktorsexamen<br><br>Meriter på avancerad nivå: Magisterexamen, 1 år, 60 högskolepoäng/Masterexamen, 2 år, 120 högskolepoäng<br><br>Meriter på forskarnivå: Licentiatexamen, 2 år, 120 högskolepoäng/Doktorsexamen, 4 år, 240 högskolepoäng | Kandidatexamen (akademisk examen omfattande minst 120 poäng varav 60 poäng fördjupade studier i ett ämne + uppsats motsvarande 10 poäng)<br><br>Meriter på grundnivå:<br><br>Kandidatexamen, 3 år, 180 högskolepoäng (Bachelor) |
| **United Kingdom** | Honours Bachelor degree/Master's degree (MA, MB, MEng, MPhil, MSc)/Doctorate | (Honours) Bachelor degree<br><br>*NB:* Master's degree in Scotland |
| | NOTE:<br><br>UK diplomas awarded in 2020 (until 31 December 2020) are accepted without an equivalence. UK diplomas awarded as from 1 January 2021 must be accompanied by an equivalence issued by a competent authority of an EU Member State. | |

*IARSCRÍBHINN II*

**IARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ — GEARÁIN AGUS ACHOMHAIRC – GEARÁIN CHUIG AN OMBUDSMAN EORPACH**

A. **Iarrataí ar athbhreithniú**

Féadfaidh tú a iarraidh ar an mbord roghnúcháin athbhreithniú a dhéanamh ar na cinntí seo a leanas:

— gan tú a ghlacadh isteach sa chomórtas,

— gan cuireadh a thabhairt duit chun trialach scríofa,

— gan cuireadh a thabhairt duit chun na dtrialacha cainte.

Ní féidir a iarraidh ar an mbord roghnúcháin athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh gan ainm iarrthóra a chur ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha.

Ní mór iarrataí ar athbhreithniú a sheoladh trí do chuntas Apply4EP laistigh de **10 lá féilire ón dáta a seoladh an teachtaireacht ríomhphoist inar tugadh fógra i dtaobh chinneadh an bhoird roghnúcháin**. Seolfar freagra chuig an duine lena mbaineann a luaithe agus is féidir.

Gabhfaidh cinneadh a ghlacfar tar éis iarraidh ar athbhreithniú ionad an chinnidh bunaidh. Dá bhrí sin, má chinneann iarrthóirí athbhreithniú ar chinneadh ón mbord roghnúcháin a thaisceadh, iarrtar orthu fanacht ar fhreagra an bhoird roghnúcháin sula ndéanfaidh siad, más gá, gearán nó achomharc breithiúnach a thaisceadh in aghaidh an chinnidh ar ábhar agóide dóibh é.

B. **Gearáin agus achomhairc bhreithiúnacha**

Má mheasann tú gur cúis agóide duit cinneadh ón mbord roghnúcháin nó ón údarás ceapacháin, féadfaidh tú gearán a dhéanamh ag aon chéim den chomórtas de bhun Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh ([1]).

Ba cheart an gearán a sheoladh chuig:

M. le Secrétaire général
Parlement européen
Bât. Konrad Adenauer
L-2929 Lucsamburg
LUCSAMBURG

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhféadfaidh an tÚdarás Ceapacháin cinntí na mbord roghnúcháin i gcomórtais a leasú nó a neamhniú. Má theastaíonn uait cinneadh a dhéanann bord roghnúcháin a agóid, is féidir achomharc a thaisceadh go díreach le Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh fiú amháin mura mbíonn gearán taiscthe cheana féin faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Nuair a dhéanann tú agóid in aghaidh cinneadh de chuid an Údaráis Ceapacháin, ní féidir achomharc a thaisceadh leis an gCúirt Ghinearálta go dtí go mbeidh gearán curtha isteach agat faoi Airteagal 90(2).

Ní mór iarraidh ar achomharc breithiúnach a sheoladh chuig:

Tribunal de l'Union européenne
L-2925 Lucsamburg
LUCSAMBURG

bunaithe ar Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ar Airteagal 91 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Ní fhéadfar achomharc a thaisceadh le Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh ach amháin trí dhlíodóir atá údaraithe chun cleachtadh os comhair cúirte i mBallstát den Aontas Eorpach nó sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

Tosaíonn na tréimhsí ama a leagtar síos in Airteagal 90 agus in Airteagal 91 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, a bhfuil feidhm acu maidir leis an dá chineál achomhairc, ón dáta a tugadh fógra den chinneadh bunaidh a bhfuil éifeacht dhíobhálach aige nó, sa chás gur iarraidh ar athbhreithniú atá i gceist, ón dáta a tugadh fógra i dtaobh chinneadh an bhoird roghnúcháin tar éis an athbhreithnithe.

([1]) Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1), arna leasú le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 723/2004 (IO L 124, 27.4.2004, lch. 1) agus arna leasú go deireanach le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leasaítear Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh (IO L 287, 29.10.2013, lch. 15).

C. **Gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh**

Féadfaidh iarrthóirí, mar shaoránaigh nó cónaitheoirí de chuid an Aontais Eorpaigh, gearán a chur faoi bhráid:

Médiateur européen
1 avenue du Président Robert Schuman – BP 403
67001 STRASBOURG CEDEX
AN FHRAINC

faoi Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gCinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa ([2]).

Tugtar dá n-aire do na hiarrthóirí nach bhfuil aon éifeacht fhionraitheach ag gearáin a dhéantar leis an Ombudsman ar an tréimhse ama a leagtar síos in Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne maidir le hachomharc a thaisceadh le Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir le hAirteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní fhiosraíonn an tOmbudsman gearáin i gcás ina bhfuil nó ina raibh na fíorais a líomhnaítear faoi réir imeachtaí dlíthiúla.

Ní dhéanfaidh iarraidh ar athbhreithniú, gearán, achomhairc ná gearán chuig an Ombudsman Eorpach aon chur isteach ar obair an bhoird roghnúcháin.

([2]) Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir le rialacháin agus coinníollacha ginearálta d'fheidhmiú fheidhmeanna an Ombudsman (IO L 113, 4.5.1994, lch. 15).

**SCAGAIRE TALLAINE**

Chun an roghnú a bheidh bunaithe ar cháilíochtaí a dhéanamh, déanfaidh an bord roghnúcháin scrúdú ar na freagraí a thabharfaidh na hiarrthóirí sa Scagaire Tallainne.

Tabharfar idir 0 agus 4 phointe do gach freagra.

Féadfaidh an bord roghnúcháin a chinneadh ualú a thabhairt do gach critéar roghnúcháin, ar ualú é a léiríonn a thábhacht choibhneasta, ó 1 go 3. Sa chás sin, iolrófar na pointí a shanntar do gach freagra faoin ualú sin.

Déanfar pointí gach iarrthóra a shuimiú chun na daoine is fearr a bhfuil a bpróifíl ag teacht le cúraimí an phoist a shainaithint.

Chun fad tréimhse taithí a léiriú (dáta tosaigh-dáta deiridh), úsáid an fhormáid seo a leanas: LL/MM/BBBB-LL/MM/BBBB

Líon isteach na réimsí anseo thíos agus tabhair freagra ar na critéir roghnúcháin uile.

| | |
|---|---|
| **SLOINNE (i gceannlitreacha) agus céadainm:** | |
| **Teanga 1 atá roghnaithe ar an bhfoirm iarratais:** | ☐ an Bhulgáiris<br>☐ an Fhraincis<br>☐ an Mháltais<br>☐ an tSlóvaicis<br>☐ an tSualainnis |

| Uimh. | Critéir roghnúcháin |
|---|---|
| **1a** | **An bhfuil céimeanna ollscoile agat nó máistreacht san aistriúchán, i nuatheangacha nó i réimse eile teangeolaíoch?**<br><br>☐ Tá ☐ Níl |
| 1b | Má tá, luaigh:<br>— ainm/ainmneacha an dioplóma/na céime nó na ndioplómaí/na gcéimeanna:<br>— ainm na hinstitiúide acadúla/na n-institiúidí acadúla:<br>— na teangacha a bhí i gceist:<br>— an toradh/na torthaí a fuarthas:<br>— fad tréimhse an staidéir: |
| **2a** | **An bhfuil eolas agat ar theangacha oifigiúla eile de chuid an Aontais Eorpaigh seachas do theangacha 1, 2 agus 3?**<br><br>☐ Tá ☐ Níl |

| Uimh. | Critéir roghnúcháin |
|---|---|
| 2b | Má tá, luaigh na teangacha oifigiúla eile a bhfuil eolas agat orthu, leibhéal an eolais atá agat ar na teangacha sin (bunaithe ar Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha — CCTE) (*) agus conas a fuair tú an t-eolas sin.<br>Teanga 4:<br>An leibhéal eolais:<br>Conas a fuair tú an t-eolas sin:<br>Teanga 5:<br>An leibhéal eolais:<br>Conas a fuair tú an t-eolas sin:<br>(etc.) |
| **3a** | **An bhfuil taithí ghairmiúil agat ar théacsanna nó ar ábhar closamhairc a aistriú, ar fhíorú eagarthóireachta (ar dhoiciméid foinse i dteanga 1) nó ar athbhreithniú teangeolaíoch, arna dhéanamh go heisiach i dteanga 1 atá roghnaithe agat don chomórtas seo?**<br>☐ Tá ☐ Níl |
| 3b | Má tá, luaigh:<br>— an cineál taithí:<br>— an teanga (na teangacha) a bhí in úsáid agat (ina sonraítear go soiléir na teangacha foinseacha agus an sprioctheanga):<br>— fad tréimhse na taithí: |
| **4a** | **An bhfuil taithí ghairmiúil agat ar théacsanna a dhréachtú lena bhfoilsiú?**<br>☐ Tá ☐ Níl |
| 4b | Má tá, luaigh:<br>— fad tréimhse na taithí:<br>— ainm an fhostóra:<br>— an cineál taithí:<br>— na cúraimí agus leibhéal na freagrachta a bhí ort:<br>— an teanga/na teangacha a bhí in úsáid agat:<br>— líon na dtéacsanna agus a bhfoirm foilseacháin (nuachtáin, suíomhanna gréasáin, etc.): |
| **5a** | **An bhfuil taithí ghairmiúil agat ar fhotheidealú agus ar athghuthú scannán agus/nó craoltaí scannánaíochta nó teilifíse, nó ar ullmhú craoltaí raidió a fuarthas go heisiach i do theanga 1 atá roghnaithe agat don chomórtas seo?**<br>☐ Tá ☐ Níl |
| 5b | Má tá, luaigh:<br>— an cineál taithí:<br>— na cúraimí a bhí ort:<br>— an teanga/na teangacha a bhí in úsáid agat (ina sonraítear go soiléir na teangacha foinseacha agus an sprioctheanga):<br>— fad tréimhse na taithí:<br>— líon na scannán agus/nó na gcraoltaí a bhí i gceist agus a bhfad ama (léirithe in uaireanta an chloig):<br>— líon na gcraoltaí raidió a bhí i gceist agus a bhfad ama (léirithe in uaireanta an chloig): |

| Uimh. | Critéir roghnúcháin |
|---|---|
| **6a** | **An bhfuil taithí ghairmiúil agat ar théacsanna a oiriúnú le haghaidh táirgí ilmheán nó suíomhanna gréasáin?**<br><br>☐ Tá ☐ Níl |
| 6b | Má tá, luaigh:<br>— an cineál taithí:<br>— an teanga/na teangacha a bhí in úsáid agat:<br>— fad tréimhse na taithí:<br>— líon na n-oiriúnuithe a bhí i gceist: |
| (*) Creat Comhchoiteann Tagartha Eorpach \| Europass | |

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA